

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**  
**SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH 2024**

---

**SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

**PÁIPÉAR II – 100 MARC**  
(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

---

**Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.**

---

**ROIENN A**

**PRÓS**

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tá an-tuiscint ag an údar ar a asal sa scéal ‘M’Asal Beag Dubh,’ le Pádraic Ó Conaire.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)
  
2. “Tugann an sliocht as *Fiche Blian ag Fás*, le Muiris Ó Súilleabháin, léargas álainn, ó pheirspictíocht an bhuauchalla óig, ar nósanna traidisiúnta na mBlascaodaí.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)

## **ROINN B**

### **FILÍOCHT**

#### **Freagair Ceist 3 nó Ceist 4**

3. “Tugtar cur síos cruinn spreagúil ar thréithe an bhroic in ‘An Broc,’ le Pádraig Mac Fhearghusa.”

Pléigh an ráiteas sin agus luaigní línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

### **AN BROC**

#### *Dán do pháistí*

Is mise an Broc!  
Os comhair stróinséirí  
táim beagáinín cúthaileach.  
'Sea, fíor dhuit,  
is nós liom  
bualadh amach istoíche,  
ach más é is fearr leat,  
fáilte romhat isteach  
go fóill  
im bhrocais.  
Á! Fan!  
Níl do lapaí  
glan go leor.  
An doras cúil  
a chaithfidh tú  
a thabhairt ort féin.  
Buail fút ansananois  
sa tseomra bídh,  
mar a bhfuil suipéar breá  
réidh dár mbeirt  
de bhleibíní, pucha,  
is dearcáin –  
Bíodh frog agat  
mar mhilseog ina dhiaidh,  
is ós oíche spéirghealaí  
'tá againn,  
téanam sall ar ball beag  
thar an gcoill  
go n-ólaimis braon dí  
i nGort an tSrutháin.

4. “Sa dán ‘Faoiseamh a Gheobhadsa,’ le Máirtín Ó Direáin, tabharfaidh an t-oileán, agus muintir an oileáin, faoiseamh don fhile óna shaol uaigneach sa chathair.”  
Pléigh an tuairim sin agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)

### **FAOISEAMH A GHEOBHADSA**

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar oiléán mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidin is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
Tiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine,  
Ó chrá croí,  
Ó bhuairt aigne,  
Ó uaigneas duairc,  
Ó chaint ghontach,  
Tiar ag baile.